# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Deireadh Fómhair 2016

**San eagrán seo:**


- Maoiniú Dúshláin ar Fáil
- Glaoch chun Gnímh Thrócaire
- Éicea-Laoch na Nua-Shéalainne ar cuairt i dTÉ
- Tionscadail Reatha
- Topaic na Míosa: Uisce
- Nuacht Scoile - Cuireann Coláiste an Lagáin scoláirí TICO faoi dhraíocht
- Nuacht na gComhairlí
- Nuacht Idirnáisiúnta
- Scéim na Miondeontas ar Oscailt ag Is Breá Linn an Baile Seo/ Live Here Love Here
- Nuacht Eile
  - Éanbhreathnú Mór Scoileanna an CRCÉ/RSPB
  - FGL saor in aisce trí CFD/GLP
  - Eolas is déanaí ó FOFI/ESDF
- Nuacht an Bhrait Ghlais
- Spriocdhátaí


## Maoiniú Dúshláin ar Fáil Anois

*Tá Ciste Dúshláin 2016/17 RCTGT NIEA ar oscailt anois.*

San am a caitheadh, bhain scoileanna an-úsáid as an deis maoinithe seo chun a gcuid tionscadal Éicea-Scoileanna a chur chun cinn. Tugadh maoiniú d'ionaid foghlama allamuigh, forbairt linnte agus tolláin polaitéine le blianta beaga anuas. Mholfadh muid duit spléachadh a thabhairt orthu. Coinnigh cuimhne gur gnách nach mbíonn ann ach cúpla mí leis an obair seo a chur i gcrích ó fháltas an airgid go caiteachas deiridh. Mar sin, bí cinnte go mbeidh do thionscadal indéanta san am sin.

Féach na naisc a leanas le haghaidh breis eolais agus treorach ar iarratais a dhéanamh. Is féidir maoiniú suas le £20,000 a thabhairt do thionscadail agus caithfear na hiarratais a chur isteach faoi **mheán lae Dé hAoine 18 Samhain 2016.** Caithfear gach tionscadal rathúil faoin chlár seo a bheith críochnaithe roimh an **15 Márta 2017**. Léigh tuilleadh.

## Tá Trócaire ag iarraidh ort tú féin a chur in iúl!



Is é Tuaisceart Éireann an t-aon chuid den RA nach bhfuil clúdaithe go hiomlán ag Acht um Athrú Aeráide 2008. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil tiomantas tugtha againn go ndéanfaimid ár gcion le teacht leis na laghduithe in astaíochtaí domhanda a aontaíodh i bPáras i mí na Nollag 2015. **Dé Luain 14 Samhain** agus cainteanna aeráide na NA ag tarlú i Maracó, beidh Trócaire ag tabhairt a aghaidhe ar Chnoc an Anfa/ Stormont lena rá lenár bpolaiteoirí go bhfuil siad ag loiceadh orainne agus ar an phláinéad gan reachtaíocht a thabhairt isteach le haghaidh todhchaí saor ó charbón. Tar amach linn ag Cnoc an Anfa agus cas le do CTR aghaidh ar aghaidh. Tá an eachtra seo á heagrú ag Trócaire, Christian Aid agus Save the Earth. Cláraigh chun freastal trí ghliogáil ar an nasc atá thíos. Le tuilleadh eolais a fháil, gabh i dteagmháil le: **rosie.murray@trocaire.org**.

Thig le scoileanna teacht ag am ar bith idir 4 agus 7:30 pm, fiú amháin ar feadh 30 bom., póstaer a dhéanamh, gléasadh suas nó a mBrat Glas a chroitheadh. Tá níos mó eolais sa nasc agus thig le scoil cuireadh díreach a chur ar a gcuid polaiteoirí: https://www.eventbrite.co.uk/e/stormont-climate-change-mass-lobby-tickets-28451074931



## Buaileann Éicea-Scoileanna le hÉicea-Laoch na Nua-Shéalainne

Bhí lúcháir orainn an mhí seo caite bualadh le Maureen Howard, Éicea-Laoch a bhfuil an domhan siúlta aici. Tá Maureen i ndiaidh taisteal thar tír ón Nua-Shéalainn go dtí seo agus í ag fiosrú tionscadail éagsúla chomhshaoil ar a bealach. Seo mar a chuir sí í féin in iúl 'Is oide Inbhuanaitheachta mé i nDún Éideann, an Nua-Shéalainn. Mar chuid de mo chuid oibre, bím i mbun seó raidió pobail ar bhonn deonach le Otago Access Radio darb ainm *Eco Living in Action*. Bíonn an seó le fáil in dhá chathair sa Nua-Shéalainn agus bhain sé "An Líon is mó Amas Podchraoltaí" dá stáisiún raidió in 2015.

'Lean mé den seó raidió s'agam agus mé ag taisteal chuig an leathsféar thuaidh gan aon eitleán a ghlacadh. Go dtí seo, thaistil mé ón NS go Tuaisceart Éireann ar longa trádála agus ar bhusanna agus tá mé ag stopadh anois le daoine muinteartha liom.

'Ba bhreá liom labhairt le daoine aonair agus le grúpaí i dTuaisceart Éireann a bhíonn ag plé le gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta anseo. Is í an aidhm atá agam tacú le daoine agus le heagraíochtaí atá ag cuidiú linn aistriú i dtreo todhchaí inbhuanaitheach.'

Ghlac muid an deis labhairt le Maureen ag Cnuaschruinniú na hArda agus Thuaisceart an Dúin mar ar chuir sí agallamh orainne agus ar Matthew Skimin ó Andrew's Memorial Primary School, Cumar. Is féidir leat an nasc seo a leanúint le héisteacht leis an ghearrthóg raidió a tháinig as.

## Dúshlán Taistil Translink - ar aghaidh libh!




Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte anois do gach scoil. Leanfaidh an Dúshlán ar aghaidh ó cheann ceann na bliana go dtí **22 Bealtaine**, ar feadh **2 sheachtain** ar bith a roghnaíonn sibh. Spreag taisteal inbhuanaithe chun na scoile agus déan do thorthaí a thaifeadadh leis na háiseanna atá ar fáil. Seol do thorthaí chugainn le seans a fháil duaiseanna iontacha a bhaint!

Tá cuireadh á chur i mbliana ar dhaltaí ó gach bliain cur isteach ar thionscadal **#Corraitheoirí Cliste** - le hiontráil ghearr scríofa le grianghraif nó **rud nua i bliana** gearrthóg físeáin 30 soicind agus an frása ***'Is corraitheoirí cliste muid mar…'***

Eagrófar searmanas ceiliúrtha bronnta ag Stáisiún Láir, Béal Feirste, i Meitheamh. Gach scoil a sheolann isteach torthaí agus/nó tionscadal #Corraitheoirí Cliste cuirfear iad i gcrannchur chun turas scoile a fháil le Ulsterbus go BÁC. Ní comórtas é seo go díreach ach tionscadal iontach a bhfuil a lán acmhainní foghlama agus monatóireachta ag dul leis. Chun breis eolais a fháil ar na duaiseanna agus ar na hacmhainní iontacha, gabh chuig www.translink.co.uk/ecoschools nó cuir ríomhphost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Faigh Briseadh ar bhur mBalcaisí




Tá scoileanna ar fud na tíre ag glacadh páirt sa chomórtas 'Briseadh ar Bhalcaisí/Cash for Clobber' i gcomhar le hÉicea-Scoileanna Keep Northern Ireland Beautiful, agus Cookstown Textile Recyclers. Is dóigh iontach é seo le bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht trí athchúrsáil agus airgead fiúntach a bhailiú do na scoileanna atá rannpháirteach ann - **40 pingin/cileagram.**

Na scoileanna a bhailíonn an méid is mó teicstíle in aghaidh an dalta, tá seans acu an comórtas bliantúil 'Briseadh ar Bhalcaisí/Cash for Clobber' a bhaint ina bhfuil scothdhuaiseanna de suas le £1,500. Is é 30 Meitheamh 2017 dáta druidte an chomórtais i mbliana.

Is é Cookstown Textile Recyclers an t-aon chomhlacht athchúrsáil éadaí le teastas de chuid BSI a mholann Éicea-Scoileanna. Athdhháiltear na héadaí a bhailítear ar thíortha atá i mbéal a bhforbartha ar fud an domhain, sin nó athchúrsáiltear iad ina snáithíní tionsclaíochta. Iarrtar ar scoileanna ar mian leo a bheith páirteach scairt a chur ar Fhoireann Bhriseadh ar Bhalcaisí ar 028 9447 9380 nó dul chuig www.cashforclobber.com nó chuig www.eco-schoolsni.org.

## Topaic na Míosa: Uisce

B'fhéidir go sílfeá nach topaic é an t-uisce a smaoineofá ar staidéar a dhéanamh air i dTuaisceart Éireann cionn go mbíonn a oiread sin de le spáráil againn. Smaoinígí ar na fíricí áfach: tá thar 70% de dhromchla an talaimh clúdaithe le huisce, ach níl ach 3% de sin ina fhionnuisce, agus níl ach tuairim ar 1% de sin nach bhfuil reoite, níl ach thart ar 0.34% ar fail le hól. Tá sé sin cosúil e £100 a bheith sa bhanc agat ach gan fáil agat ar 34 pingin de sin. Tá an t-uisce ina acmhainn luachmhar agus riachtanach don bheatha uilig ar talamh, mar sin de, ba chóir dúinn a bheith ag smaoineamh ar bhealaí lena chaomhnú agus le hamharc ina dhiaidh.

Ba chóir, agus tú ag breathnú ar Thopaic an Uisce, go ndíreofá ar uisce a choigilt ar scoil agus sa bhaile, agus ár gcuid foinsí uisce agus aibhneacha a choinneáil glan, más gar don chósta atá cónaí ort d'fhéadfá amharc fiú amháin ar chaomhnú muirí agus ar cheist an bhruscair agus an phlaistigh san aigéan. Thiocfadh leat amharc níos faide ó bhaile fosta ar Pheirspictíocht Dhomhanda an uisce—cé na ceisteanna rochtana a gcaithfidh daoine i gcodanna eile den domhan aghaidh a thabhairt orthu maidir le huisce?

Is féidir gur ceist chasta go leor é úsáid an uisce ar scoil a thomhas má tá do mhéadar in áit nach féidir teacht air ach ba chóir go mbeadh Uisce Thuaisceart Éireann ábalta cuidiú leat leis na léamha agus is comhpháirtithe seachadta de chuid Éicea-Scoileanna iad. Thosaigh scoil amháin i dTuaisceart Éireann a dhéanamh monatóireacht ar úsáid an uisce s'acu agus thuig siad go raibh deoir anuas acu áit éigin—nuair a deisíodh í sin shábháil siad na mílte punt ar an scoil nó ach ab é sin ní thabharfaí faoi deara é. Má bhíonn tú ag déanamh staidéir ar thimthriall an uisce sa scoil, is nasc iontach curaclaim é seo.

Seo duit roinnt nasc úsáideach le cuidiú leat tús a chur le Topaic an Uisce:

Uisce Éicea-Inspioráide Éicea-Scoileanna - http://eco-schoolsni.org/eco-schoolsni/documents/006535.pdf Le cuairt a chur in áirithe ó Churadh Comhshaoil de chuid Uisce TÉ, téigh i dteagmháil le education@niwater.com. Le haghaidh léamha méadair déan teagmháil le Pat.McCauley@ niwater.com. Le haghaidh acmhainní agus cuairteanna ar an láthair http://www.niwater.com/resources-for-schools/. Le haghaidh caomhnú aibhneacha déan teagmháil le Lisa Kirkwood lisa@ballinderryriver.org.

Le haghaidh ceisteanna uisce domhanda:

Trócaire - https://www.trocaire.org/education-resource-themes/water
Water Explorer - http://www.waterexplorer.org/united-kingdom
Global Goals SDG 14 - http://worldslargestlesson.globalgoals.org/global-goals/life-

## Acmhainn: Suirbhé Muirí ó RCTGT




Tá eagrán an Fhómhair 2016 de Faire Bruscar Mara/ Marine Litter Watch, nuachtlitir Straitéis Bhruscair na Mara, ar fáil anois ó shuíomh idirlín RCTGT. Ní hamháin gur lón suimiúil léitheoireachta í seo ach bheadh sí ina hacmhainn úsáideach a scoileanna a bhíonn ag staidéar timpeallacht na mara agus ceisteanna bruscair.

Faightear i measc na n-alt atá ann: taithí Kate Wilson, ón Chumann um Chaomhnú Muirí/Marine Conservation Society, a thionscain agus a ghlac páirt i ndúshlán go n-éireodh siad as plaisteach aon-úsáide ar feadh míosa; an dóigh a bhfuil Uisce Thuaisceart Éireann ag obair le scoileanna chun lucht úsáidte uisce an lae amárach a oiliúint; an dóigh a bhfuil deontas ón fheachtas Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here chun bád a cheannach ag cuidiú le hIontaobhas Aibhneacha an Lagáin piocadh bruscair a shocrú i gcodanna den Lagán nárbh fhéidir a bhaint amach ach ab é sin; an cuidiú atá Clár Farraigí Beo Fiabheatha Uladh a thabhairt ag glanadh an chósta, agus an dóigh a bhfuil Bruscar a Iascach/Fishing for Litter ag cuidiú le hiompar agus dearcthaí i leith bainistiú dramhaíola ó thionscal na hiascaireachta.

## Nuacht Scoile: Téann Coláiste an Lagáin i gcion ag Lá Phríomheilimintí TICO Ollscoil na Banríona

Bhí lúcháir ar Éicea-Scoileanna eolas ar ár gclár a chur i láthair ábhair múinteoirí agus iad ag críochnú na bliana TICO s'acu ag Ollscoil na Banríona. Dhírigh gníomhaíochtaí an lae ar Phríomheilimintí an churaclaim agus chuir sé áthas ar Éicea-Scoileanna a thaispeáint a oiread bealaí a chuireann an clár leis na Príomheilimintí agus le hábhair dhifriúla an churaclaim.



Rud i bhfad níos corraithí áfach ná a dhath ar bith a bhí le rá againn ab ea an chuid den cheardlann a thug beirt daltaí de chuid Choláiste an Lagáin, Caisleán Riabhaigh. Tá an scoil ag oibriú anois ar a gcúigiú Brat Glas agus is iad an Scoil Ambasadóra iad don topaic Athrú Aeráide. Chuir na daltaí, Nicholas Jamison agus Rebekah Ogilby, na scoláirí faoi dhraíocht lena gcuid eolais agus a bhféinmhuinín, agus le méid agus doimhneacht na hoibre atáthar a dhéanamh ar thionscadal Éicea-Scoileanna ag an Choláiste. Ba eiseamláir iad ar an dóigh a dtéann clár Éicea-Scoileanna chun tairbhe do dhaoine óga agus dá bhforbairt phearsanta.

Is mian le hÉicea-Scoileanna buíochas mór a ghabháil le Scoil an Oideachais in OnaB as cuireadh a thabhairt dúinn teacht ar an lá agus buíochas ar leith a thabhairt do Choláiste an Lagáin as a n-ionchur ar an lá.

*Aiseolas scoláirí "Bhí na daltaí a rinne an láithriú iontach agus ba léir gur mór acu an tionscadal."*

# Nuacht na gComhairlí:

## Cruinnithe Cnuasghrúpaí Éicea-Scoileanna -

**Comhairle Buirge Chósta an Aifir agus na nGlinntí - Léim an Mhadaidh 3.15pm Déardaoin 10 Samhain. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le John McCarron John.McCarron@causewaycoastandglens.gov.uk.**



Buíochas mór leis na Comhairlí a rinne óstáil ar na Cruinnithe Cnuasghrúpaí an mhí seo caite; Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, Comhairle Buirge na hArda agus Tuaisceart an Dúin, Comhairle Buirge Aontroim Láir agus Thoir agus Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Chreag Abhann. Bhí lúcháir ar Éicea-Scoileanna freastal agus labhairt lena oiread sin sármhúinteoirí agus éisteacht leo ag caint ar na tionscadail spéisiúla atá eagraíochtaí eile a ofráil. San iomlán d'fhreastail 90 scoil ar na cnuaschruinnithe.

Buíochas mór leis na Comhairlí seo a leanas a thugann tacaíocht do Chlár Éicea-Scoileanna'

# Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:

*TÓT/YRE ag an Chomhdháil Idirnáisiúnta "Oideachas do Pháistí agus don Óige a Athrú ó Bhonn " in India.*

D'aibhsigh an seisiún ról an oideachais don óige i dtaca le Spriocanna na Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, ag díriú ar shamplaí dea-chleachtais agus ag an am céanna ag leagan béim ar straitéisí agus ar mhodheolaíochtaí nuálaíocha in oideolaíocht agus i gcuraclam in idir ionaid fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

Ghlaca tuairisceoirí óga ó TÓT/YRE India páirt ghníomhach sna díospóireachtaí le linn na comhdhála, chomh maith, bhí siad ag obair mar iriseoirí i rith na seisiún difriúil.

Léigh tuilleadh..



*Éicea-Scoileanna Shasana -*

D'ardaigh Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe, Theresa May, Brat Glas ag scoil i Maidenhead agus d'fhoghlaim sí faoin chlár scoile is mó ar domhan.

Fuair an Príomh-Aire amach di féin faoina phaiseanta atá páistí leis an timpeallacht a chaomhnú nuair a thug sí cuairt ar St Mary's RC Primary School.

Thug Bn. May cuairt ar an scoil, ina toghcheantar féin, le cuidiú le páistí ceiliúradh a dhéanamh ar dheich mbliana de ghníomhaíocht chomhshaoil inar laghdaigh siad a mbille gáis faoi 40%, a ndramhaíl faoina thrian agus inar thóg siad teach gloine le 2,000 buidéal plaisteach. Mhol an Príomh-Aire iarrachtaí na scoile agus labhair sí le páistí faoina turas chuig na NA i Nua Eabhrac níos luaithe an tseachtain sin chun plé a dhéanamh ar athrú aeráide agus dúirt, cé gur 'fadhb mhór' í, go dtiocfadh linn uilig difear a dhéanamh ar bhealaí beaga agus mar is mó duine a dhéanfadh sin, mar is mó an seans a bheadh againn tabhairt faoin cheist dhomhanda seo.

# Nuacht de chuid Keep Northern Ireland Beautiful:

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful a reáchtálann Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann. Seo daoibh an nuacht is deireanaí ó réimsí eile dár n-eagraíocht:

## Scéim na Miondeontas ar Oscailt ag Is Breá Linn an Baile Seo/ Live Here Love Here

## Cuir isteach Iarratas anois!

Don tríú bliain as a chéile, tá Scéim Miondeontas Is Breá Linn an Baile Seo/ Live Here Love Here ar oscailt le haghaidh iarratas! Is iad na Comhairlí Áitiúla, an Roinn Comhshaoil, Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe, Turasóireacht Thuaisceart Éireann, Rogha Tithíochta, Coca-Cola, Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann agus Keep Northern Ireland Beautiful, a sheol scéim na miondeontas a thugann tacaíocht do scoileanna, comhphobail agus grúpaí le bearta praiticiúla a dhéanamh lena dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú agus le tacú le fás an bhróid phoiblí ar fud Thuaisceart Éireann.

Tá deontais ar fáil ó **£500 go £5,000** agus tá siad oscailte do gach scoil agus d'eagraíochtaí oideachais tríú leibhéil chomh maith le grúpaí deonacha agus pobail, grúpaí óige agus clubanna spóirt a thugann faoi thionscadail a chothaíonn bród saoránach sna ceantair Chomhairle seo a leanas:

**Ná dearmad tacaíocht a ghealladh don fheachtas Is Breá linn an Baile seo agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh sa phobal.**

- **Comhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin**
- **Comhairle Cathrach Bhéal Feirste**
- **Comhairle Buirge Aontroim Láir agus Thoir**
- **Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann (Gach Comhairle Ceantair)**



*D'úsáid Killycooley Primary a maoiniú le spásanna foghlama lasmuigh a athnuachan*

Dearadh Scéim na Miondeontas chun cuidiú le grúpaí feabhas a chur ar chaighdeán a dtimpeallachta áitiúla, agus mórtas saoránachta a chothú i bpobal nó chun turasóireacht a fheabhsú ina bpobal féin trí fheabhsúcháin chomhshaoil. Le cur isteach air, líon amach pacáiste iarratais simplí á rá cén dóigh a

Le níos mó eolais a fháil ar Scéim Miondeontas Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here agus an dóigh le pacáiste iarratais a íoslódáil, téigh chuig www.livehereloveherе.org nó labhair le Keep Northern Ireland Beautiful ar **028 9073 6920**.

# Nuacht Eile:

## Cláraigh anois le haghaidh Mór-Éanbhreathnú Scoileanna leis an Chumann Ríoga um Chosaint Éan!




**3 Eanáir – 17 Feabhra 2017**

Tá an clárú oscailte anois don Éanbhreathnú Mór Scoileanna; gníomhaíocht shimplí oideachasúil a thugann tusa agus do rang/grúpa níos gaire d'éin ag tabhairt cuairt ar do cheantar. Ní mhaireann sé ach uair amháin agus oibríonn sé do gach aois agus gach cumas.

Is féidir an tÉanbhreathnú a chur chun tairbhe don scoil: mar phríomh-mhír an staidéir traschuraclaim, gradaim Éicea-Scoileanna, nó mar chuid den obair chun tailte na scoile a fheabhsú. Trí pháirt a ghlacadh beidh tú ag cur sonraí ar fáil dúinn fosta ar a fheabhas atá ag éirí leis na héin is aitheanta atá againn, chomh maith le baile a thabhairt don dúlra i do scoil.

Gach bliain, glacann oideachasóirí ó gach cearn den RA páirt lena gcuid ranganna. Tá solúbthacht mhór ann chun a reáchtáil le haoisghrúpa ar bith agus tá acmhainní againne le cuidiú libh. Glac páirt i Mórbhreathnú Éan na Scoileanna agus cuidigh linn é a dhéanamh ar an cheann is mó riamh!

Nuair a chláróidh tú an tÉanbhreathnú Mór Scoileanna s'agat, cuirfimid póstaer aitheantas éan saor in aisce chugat do do sheomra ranga - an t-ullmhúchán foirfe don lá mór. Chun clárú agus chun níos mó eolais a fháil, gabh chuig www.rspb.org.uk/schoolswatch

## Clár Foghlaim Dhomhanda - FGL foghlaim dhomhanda saor an téarma seo

Beidh FGL saor do mhúinteoirí ar fáil an téarma seo – móide clúdach ionadaíochta - ón Chlár Foghlaim Dhomhanda (CFD/GLP). Tá os cionn 21% de scoileanna uilig TÉ ag glacadh páirt sa chlár, a chuidíonn le scoileanna oideachas do dhomhan cothrom agus inbhuanaithe a neadú trí thraenáil, treoir agus acmhainní a chur ar fáil. Tarlóidh an chéad bhabhta eile d'oiliúint CFD i mí na Samhna ag ionaid éagsúla: Béal Feirste, Doire agus Dún Geanainn. Don chéad uair, beidh seisiúin do bhunscoileanna amháin agus d'iar-bhunscoileanna amháin i mBéal Feirste. Chun níos mó a fháil amach nó chun clárú, tabhair cuairt ar www.globallearningni.com. Teagmhaigh le foireann an CFD ar glp@centreforglobaleducation.com nó **028 9024 1879** le haon cheist atá agat. Bainistíonn an Centre for Global Education an CFD agus faigheann sé maoiniú ó rialtas an RA.

## Nuachtlitir Fhóram an Oideachais um Fhorbairt Inbhuanaithe NIEL

Faigheann gach scoil an nuachtlitir seo chuig a mbosca info@email. Bíonn sí lán le heolas áisiúil ar thionscadail chomhshaoil - bí cinnte go bhfaigheann tú cóip di. Is acmhainn iontach é fosta suíomh gréasáin NIEL http://www.nienvironmentlink.org/.

Más ball cheana féin sibh den FOFI coinnigh glan an dáta 10 Feabhra don CCB agus don chomhdháil bunaithe ar mhiosúir aschuir agus an dóigh lena n-úsáid sin le hiarratais maoinithe a fheabhsú. Níos mó eolais le teacht ó FOFI go luath.

# Spriocdhátaí 2016-2017 le haghaidh Iarratais ar Bhrat Glas




Glacaimid le hiarratais ar Bhrat Glas ag **a ar bith i rith na bliana** mar sin féin seo thíos roinnt spriocdhátaí dá mba mhaith libh go ndéanfaí measúnú oraibh roimh am áirithe sa bhliain:

- Measúnú **Roimh an Nollaig**: **4 Samhain 2016**
- Measúnú **Roimh an Cháisc**: **6 Eanáir 2017**
- Measúnú **an tSamhraidh** (roimh 23 Meitheamh): **10 Márta 2017**

Déanfaimid ár ndícheall scoileanna a mheas cé go mbeadh a n-iarratas istigh i ndiaidh na ndátaí atá molta ach b'fhéidir nach n-éireodh linn, go háirithe le linn théarma an tsamhraidh, a bhíonn an -ghnóthach. Mar sin de bí ar thús an tslua agus seol d'iarratas isteach go breá luath.

**Tabhair do d'aire** is é an modh iarratais ab fhearr linn in 2016/17 go n-úsáidfeadh daoine an **córas Scoilzóin ar líne**. De réir an aiseolais ó scoileanna is modh iontrála i bhfad níos fearr é seo. Má tá dearmad déanta agat ar do logáil isteach, téigh i dteagmháil linn.

Is féidir leat, faoi chúinsí speisialta, an fhoirm pháipéir reatha a íoslódáil agus a chur isteach. Ní ghlacfar feasta le seanleaganacha/as dáta den fhoirm pháipéir.

***Bí cinnte agus tosaigh a úsáid an Scoilzóin chun do shonraí a bhailiú agus do chuid Éicea-Cháipéisí a shábháil - Athbhreithniú Timpeallachta, Plean Gnímh agus Éicea-Chód. Cuirfear iad sin ar aghaidh go huathoibríoch le d'iarratas ar Bhrat Glas.***

# Brait Ghlasa na Míosa Seo

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid a n-éacht iontach a thréaslú leo.




Comhghairdeas an mhí seo ag dul do:

- St Finian's Primary School, Baile Nua na hArda
- St John the Baptist Primary School, Inis Ceithleann

Déan Teagmháil linn:
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org
Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD

DAERA
Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs
www.daera-ni.gov.uk
Faigheann clár Éicea-Scoileanna tacaíocht ó DAERA

**Ná stad ansin! Gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna TÉ le haghaidh tuilleadh scéalta, smaointe faoi thionscnaimh, treoir faoin chlár, cás-staidéir, eolas faoi chomhpháirtithe, agus a lán eile.**